

RÓL MAR

GHOBHARNÓIR SCOILE

do dhaoine as gach cúlra

2013/14



Ar mhaith leat bheith i do ghobharnóir scoile?

- Is ceadmhach do dhuine ar bith thar 18 mbliana d'aois bheith ina g(h)obharnóir.
- Ní gá aon cháilíochtaí foirmeálta a bheith agat.
- Ról deonach atá i ról an ghobharnóra, a mbíonn daoine de gach cúlra ag gabháil dó.
- Tá taithí agus scileanna le tairiscint ag gach duine.

Ní saineolaithe oideachais iad na gobharnóirí.

Bíonn siad ag obair i gcomhpháirt le foireann na scoile d'fhonn na caighdeáin oideachais is fearr is féidir a sholáthar.

Tá an-tairbhe le baint as ról an ghobharnóra.

Faigheann tú deis bheith ag comhoibriú le daoine eile le cuidiú le daoine óga lánacmhainneacht a bhaint amach ar scoil.

Cad é atá de dhíth ar ghobharnóir maith?

- ciall, siosmaid agus féith an chomhoibríthe;
- spéis san oideachas agus i ndaoine óga;
- foighid, fuinneamh, díograis agus rud beag ama shaoir; agus
- toilteanas bheith ag éisteacht, ag foghlaim, agus dul faoi oiliúint.

Tá níos mó ná 1200 scoil dheontaschúnta againn.

Tá Bord Gobharnóirí ag gach scoil, ar a bhfuil ball ar múinteoir é/í agus ball ar tuismitheoir é/í, baill ar ionadaithe iad do fhréamhacha nó d'úinéirí na scoile agus baill den mhórphobal a bhfuil spéis acu san oideachas.

Bíonn meascán d'aoiseanna, de scileanna saoil, d'eispéiris agus de mhianaidhmeanna de dhíth ar Bhord Gobharnóirí.

Bíonn luach le scileanna sainiúla i réimsí amhail airgeadas, acmhainní daonna, leas páistí agus sainriachtanais oideachais.

Tá ról tábhachtach ag Bord na nGobharnóirí. Soláthraíonn sé:

- bainisteoireacht straitéiseach;
- dúshlán dearfach; agus
- cuntasacht.

Is é an Príomhoide atá freagrach as bainisteoireacht laethúil na scoile. Bíonn ról ag Bord na nGobharnóirí maidir le roghnúchán agus le ceapachán an Phríomhoide agus cinntíonn sé go mbíonn caighdeán maith oideachais á sholáthar ag an scoil dá cuid daltaí agus go gcuirtear caighdeán arda oideachais agus gnóthachtála chun cinn.

Is é Bord na nGobharnóirí a leagann síos aidhmeanna na scoileanna agus a leithdháileann is a rialaíonn buiséad na scoile. Bíonn freagrachtaí tábhachtacha eile air chomh maith.

I gcoitinne, cruinníonn Bord na nGobharnóirí le chéile uair amháin i ngach téarma scoile, nó uair sa mhí, go mall san iarnóin nó tráthnóna go hiondúil, ach d'fhéadfadh sin athrú ag brath ar na cúinsí. D'fhéadfadh sé go ndéanfaidh sé fochoistí a bhunú le riar ar cheisteanna áirithe, m.sh. cúrsaí airgeadais nó cúrsaí foirne; cruinníonn na fochoistí seo níos minice.

Is ar bhonn deonach, gan tuarastal, a cheaptar gobharnóir faoi choinne téarma oifige 4 bliana. Is ceadmhach dó/di éirí as in am ar bith. Is féidir costais taistil a éileamh as freastal a dhéanamh ar sheisiúin oiliúna.

Trí bheith ag réiteach fadhbanna i réimsí amhail airgeadas, cúrsaí foirne, leas na ndaltaí agus forbairt an churaclaim, thig le gach uile ghobharnóir bheith ag dúil le rud éigin nua a fhoghlaim.

Beidh oiliúint ar fáil do Ghobharnóirí trí Sheirbhís úr Réigiúnach Tacaíochta agus Oiliúna do Ghobharnóirí. i ngach cineál scoile.

Faisnéis ar na Scoileanna againn

Is ionann na scoileanna rialaithe agus náiscoileanna, bunscoileanna, meánscoileanna, scoileanna gramadaí agus scoileanna speisialta. Is iad Eaglais na hÉireann, an Eaglais Mheitidisteach agus an Eaglais Phreispitéireach in Éirinn, faoi seach, a bhunaigh bunús na mbunscoileanna an chéad lá. Tá roinnt bunscoileanna agus meánscoileanna i ndiaidh glacadh le héiteas imeasctha.

Is ionann na scoileanna deonacha faoi chothabháil agus náiscoileanna, bunscoileanna agus meánscoileanna. Tá a bhformhór Caitliceach ó thaobh éitis de. Ar na scoileanna eile, tá Gaelscoileanna agus roinnt bunscoileanna a bhfuil fréamhacha éagsúla acu.

Freastalaíonn Scoileanna Gramadaí Deonacha ar dhaltaí atá in aois a 11–18 mbliana. Is iondúil go mbíonn rollachán mór iontu, rud a chuirfeadh le freagrachtaí Bhord na nGobharnóirí agus leis na dúshláin a bheadh le sárú aige. Is scoileanna féinrialaithe iad seo.

Is ionann na Scoileanna Imeasctha faoi Choithabháil Stáit agus bunscoileanna agus meánscoileanna a bhfuil éiteas imeasctha acu. Is scoileanna féinrialaithe iad seo.

Cad é mar is féidir liom bheith i mo Ghobharnóir Scoile?

Is féidir foirm iarratais fhoirmeálta a chomhlánú le bheith i do Ghobharnóir de chuid na Roinne Oideachais(RO).

Roghnaíonn RO gobharnóirí faoi choinne:

- náiscoileanna, scoileanna gramadaí agus scoileanna speisialta rialaithe;
- bunús na scoileanna deonacha faoi chothabháil;
- scoileanna gramadaí deonacha; agus
- scoileanna imeasctha faoi chothabháil stáit.

nó

Is féidir foirm iarratais fhoirmeálta a chomhlánú le bheith i do Ghobharnóir le ceann de na Boird Oideachais agus Leabharlann (na Boird).

Roghnaíonn na Boird gobharnóirí faoi choinne:

- gach scoil rialaithe; agus
- gach scoil dheonach faoi chothabháil.

Tá molta i reachtaíocht úr atá á bhreithniú faoi láthair ag Comhthionól Thuaisceart Éireann gurb é an tÚdarás úr Oideachais agus Scileanna (ÚOS) a bheas freagrach as na ceapacháin Gobharnóra a ndéanann RO agus na Boird i láthair na huaire iad.

Is féidir breis eolais a fháil trí na sonraí teagmhála a leanas:

Gobharnóirí RO

Teagmháil: Paula Sandford

☎ (028) 9127 9404 nó

Lorraine Coulter

☎ (028) 9127 9933

💻 www.deni.gov.uk

An Roinn Oideachais

Foireann Rialaithe Oideachais

Teach Ráth Giall

Ráth Giall

BEANNCAR BT19 7PR

Gobharnóirí de chuid na mBord

Teagmháil: Paula Maguire

☎ (028) 9056 4112

💻 www.belb.org.uk/governors

Bord Oideachais agus Leabharlann Bhéal Feirste

40 Sráid an Acadaimh

BÉAL FEIRSTE BT1 2NQ

Teagmháil: Karen White

☎ (028) 2566 2391

💻 www.neelb.org.uk/governors/becoming/

Bord Oideachais agus Leabharlann an Oirthuaiscirt

Halla an Chontae

182 Bóthar Ghalgorm

AN BAILE MEÁNACH BT42 1HN

Teagmháil: Phil Stewart

☎ (028) 9056 6216

💻 www.seelb.org.uk

agus ansin an nasc chuig 'Bainisteoirí Scoile'

Bord Oideachais agus Leabharlann an Oirdheiscirt

Bóthar Grahambridge

BÉAL FEIRSTE BT16 OHS

Teagmháil: Lorraine Livingstone

☎ (028) 3751 2504

💻 www.selb.org/governors/schoolgovernor.htm

Bord Oideachais agus Leabharlann an Deiscirt

3 Charlemont Place

ARD MHACHA BT61 9AX

Teagmháil: Angela Montague

☎ (028) 8241 1291

💻 www.welbni.org

Bord Oideachais agus Leabharlann an Iarthair

Teach Chamsan

1 Bóthar an Ospidéil

AN ÓMAIGH BT79 OAW

B'úsáideach chomh maith teagmháil a dhéanamh le:

- an scoil áitiúil agat
- i gcás scoil rialaithe le gobharnóirí Eaglaise (aistreora):

Gobharnóirí Aistreora

Rúnaí: An tOirmhinneach Ian Ellis

 (028) 9082 8860

An eaglais áitiúil agat, nó
Comhairle Ionadaíoch na nAistreoirí
Ionad Oideachais
Teach Eaglais na hÉireann
61-67 Sráid Donegall
BÉAL FEIRSTE BT1 2QH

- i gcás scoil dheonach Chaitliceach faoi chothabháil le gobharnóirí lontaobhais:

Gobharnóirí lontaobhais

Teagmháil: Ciaran McKenna

 (028) 8775 2116

 www.ccmsschools.com

An Sagart Paróiste áitiúil agat, nó
Comhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi
Chothabháil

 (028) 8775 2116

Oifig Dheoise Ard Mhacha/
an Chlochair/Dhroim Mór

 (028) 7126 1931

Oifig Dheoise Dhoire

 (028) 9042 6972

Oifig Dheoise an Dúin agus Chonaire

